An Bord Pleanála

# Clár na hÉisteachta ó Bhéal

ABP-315313-22

| | |
|---|---|
| **Cás** | Ordú Ceannaigh Éigeantaigh um Chuarbhóthar Thoir Mhaigh Nuad, 2022 |
| **Dáta** | 04.05.2023 |
| **Am Tosaithe** | 10.00 r.n. |
| **Ionad** | Go fíorúil trí Microsoft Teams |

| **CLÁR** |
|---|
| **10.00 r.n.** - Oscailt na hÉisteachta ag an gCigire<br>• Gnáthaimh na hócáide agus dearbhú nasc amhairc agus fuaime an chruinnithe fhíorúil<br>• Ráiteas Tosaigh an Chigire |
| **10.20 r.n. – Comhairle Contae Chill Dara: Cur síos ar an Tionscadal agus an OCÉ**<br>• Forbhreathnú gairid ar phróiseas an Tionscadail agus Chuid 8 den phróiseas (10 nóiméad)<br>• Freagraí ar uiríll scríofa na n-agóideoirí mmm mmm |
| **11.30 r.n.– Sos (20 nóim)** |
| **11.50 i.n. – Tuilleadh freagraí ó agóideoirí:** |

| |
|---|
| (1) Christopher agus Eileen O'Rourke<br><br>(2) Ciaran Gallagher<br><br>(3) An Dr Conall Ó Breacháin agus an Dr. Annie Ó Breacháin<br><br>(4) George Mullis agus Sinead Gormally<br><br>(5) Lucht Bainistíochta Griffen Rath Hall (Uimh. 1) Cuideachta GLG<br><br>(6) Lucht Bainistíochta Griffen Rath Hall (Uimh. 2) Cuideachta GLG<br><br>(7) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)<br><br>(8) Ita Murphy<br><br>(9) Seán, Bethann, Judith, Dan agus Pippa O'Reilly<br><br>(10) Lorraine agus Damien Gavin<br><br>(11) Michael Fetherstone<br><br>(12) Nichola Syron |
| **1.30 i.n. – lón (1 uair)** |
| **2.30 i.n. – Ceisteanna idir na páirtithe** |
| **3.30 i.n. – Tuairimí deiridh**<br><br>(1) Agóidí (5 nóiméad in aghaidh an pháirtí agus gan saincheisteanna nua a tharraingt anuas)<br><br>(2) Cill Dara (10 nóiméad) |
| **4.45 i.n. Cuireann an Cigire deireadh leis an Éisteacht ó Bhéal** |

**Nótaí Tábhachtacha:**

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do gach páirtí, ar mhian leo aighneachtaí breise a dhéanamh, agus ligean don Chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna ábhartha a thiocfaidh chun cinn agus ar aon agóidí a dhéanfar. mmm mmm Beidh deis ag na páirtithe freisin ceisteanna a chur nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht. Níl sé de dhualgas ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. mmm mmm Déanfaidh an cigire agus an Bord gach aighneacht a fuarthas roimhe sin a mheas. mmm mmm Ar an ábhar sin, ní gá aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe sin a dhéanamh arís ag an éisteacht ó bhéal. Má athluann tú eolas arís ag an éisteacht ó bhéal nach bhfuil riachtanach, féadfaidh an Cigire stop a chur leat agus iarraidh ort dul ar aghaidh chuig ábhar eile. Ní mór aon aighneachtaí dlíthiúla a bheith mar chuid de na haighneachtaí substainteacha ag an éisteacht. mmm mmm

Iarrtar ar gach páirtí cuimhneamh ar nádúr an iarratais seo agus a chinntiú go mbaineann gach cur i láthair nó ceist le hábhar an OCÉ seo. Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról nó dlínse ag an mBord i gcinneadh, nó i measúnú cúitimh agus gur cheart é seo a chur san áireamh in aon aighneacht a dhéantar chuig an éisteacht seo toisc nach n-éascófar aon phlé ar chúiteamh. mmm mmm

Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh faoin gcás don Bhord. mmm mmm Is é an Bord a dhéanfaidh cinneadh an OCÉ a dheimhniú nó a chur ar neamhní. mmm mmm

Féadfaidh an Bord a ordú go ndéanfar íocaíocht le haon duine i leith costas a thabhaigh an té sin de bharr bheith i láthair ag ag an éisteacht. mmm mmm Is faoi

rogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. mmm mmm Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta. mmm mmm

Má tá sé ar intinn agat cóip scríofa de d’aighneacht a sholáthar nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (cur i láthair, léarscáileanna, grianghraif, srl.), ba cheart iad sin a chur isteach i bhformáid dhigiteach chuig an mBord ar a laghad 3 lá oibre roimh páirt a ghlacadh san éisteacht (agus coinneofar iad ar chomhad an cháis tar éis na héisteachta ó bhéal). Is é cuspóir atá leis seo reáchtáil réidh na hÉisteachta ó Bhéal a éascú, ionas gur féidir na hábhair éagsúla a uaslódáil roimh ré.

Déanfaidh soláthraí seirbhíse arna eagrú ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirtear faoi bhráid na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh. mmm mmm Níl cead agat imeachtaí na héisteachta ó bhéal a thaifeadadh. mmm mmm

Tá clár oibre agus ord na ndaoine a labhróidh ag an éisteacht ó bhéal leagtha amach thuas, mar aon le hamchlár. mmm mmm Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara nach bhfuil sa chlár ama seo ach leagan táscach agus go bhféadfadh athrú teacht air le linn na héisteachta ó bhéal. mmm mmm

Eiseoidh an Bord Pleanála ‘iarratas ar chomhchruinniú’ chuig an imeacht fíorúil seo ar Microsoft Teams roimh dháta na héisteachta ó bhéal. Tá cabhair le fáil chun páirt a ghlacadh in éisteacht ó bhéal go cianda agus tá treoirleabhar maidir le béasaíocht ghaolmhar ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.pleanala.ie. mmm mmm

Tá cóip de na rialacha maidir le rannpháirtíocht san éisteacht ó bhéal curtha ar fáil do gach páirtí agus tá siad ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.pleanala.ie (tá nasc ar fáil ag bun an leathanaigh baile). Ní mór duit na rialacha seo a léamh agus aontú leo le bheith páirteach san éisteacht. mmm mmm

Is le haghaidh achoimre achomair amháin atá na tuairimí deiridh agus níor cheart go mairfeadh siad níos faide ná mar a shonraítear. Ní féidir aon phointí, saincheisteanna ná aighneachtaí dlíthiúla nua a tharraingt anuas sna haighneachtaí deiridh.

**Nóta ar Inrochtaineacht:** Tá an Bord Pleanála tiomanta a áirithiú go mbeidh ár seirbhísí inrochtana ag gach duine agus a fhreagrachtaí faoin Acht um Míchumas 2005 a chomhlíonadh. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, tabhair cuairt ar https://www.pleanala.ie/ga-ie/accessibility